An Roinn Sláinte
Department of Health
Office of the Chief Medical Officer

**31/08/2020**

**Litir oscailte ón bPríomh-Dhochtúir Oifigiúil Gníomhach chuig tuismitheoirí & caomhnóirí páistí scoile agus chuig múinteoirí agus baill foirne eile scoile.**

A thuismitheoirí agus a chaomhnóirí,

Tá a fhios agam go rímhaith go bhfuil go leor agaibh buartha maidir le hathoscailt na scoileanna agus maidir leis an riosca COVID-19 atá ag gabháil leis sin do bhur bpáistí. Tá an imní sin nádúrtha agus ní bheifí ag súil lena mhalairt tar éis thréimhse sé mhí ina raibh gá orainn ar fad dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le COVID-19.

Cinneadh suntasach a bhí sa chinneadh scoileanna a athoscailt agus tá sé bunaithe ar an treoir atá curtha ar fáil ag forais idirnáisiúnta lena n-áirítear An Eagraíocht Sláinte Domhanda (WHO) agus an Lárionad Eorpach um Ghalar a Chosc agus a Rialú (ECDC); fianaise eolaíochta maidir leis an riosca COVID-19 do pháistí scoile agus d'fhoirne scoile; taithí tíortha eile nach raibh scoileanna dúnta iontu, nó ina bhfuil scoileanna athoscailte; ár dtaithí féin tar éis dúinn timpeallachtaí um chúraim leanaí agus campaí samhraidh a athoscailt ó bhí mí an Mheithimh ann; agus fianaise ag baint le tábhacht na scoile le haghaidh sláinte agus folláine páistí.

Léirítear san fhianaise idirnáisiúnta go bhfuil scaipeadh COVID-19 ó pháiste-go-páiste nó ó pháiste-go-duine fásta neamhghnách. Ina theannta sin, taispeántar lenár dtaithí féin in Éirinn, agus leis an bhfianaise a tuairiscíodh go hidirnáisiúnta, nach mbeidh siomptóim shuntasacha ar fhormhór na bpáistí atá ionfhabhtaithe le COVID-19.

Ní féidir an iomarca béime a leagan ar thábhacht na scoile le haghaidh sláinte agus folláine páistí, agus táthar tar éis an riosca COVID-19 a mheas go cúramach i gcoinne an fhíordhochair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar scoileanna a bheith dúnta go fadtéarmach. Tá tábhacht ollmhór ag scoileanna i saol sóisialta na bpáistí; tugtar oideachas dóibh ar scoil, buaileann siad le cairde, roinneann siad a gcuid caitheamh aimsire lena chéile, foghlaimíonn siad scileanna sóisialta amhail féinmhuinín agus comhbhá, agus glacann siad páirt i spóirt agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha.

Ar ndóigh, agus muid ag déanamh ár mbealach tríd an bpaindéim seo, níl aon bhealach scoileanna ná aon thimpeallacht eile a athoscailt gan riosca; is é is aidhm dúinn, mar sin, ná an athoscailt is sábháilte is féidir a dhéanamh trí deimhin a dhéanamh de go gcuirfear na beartais slándála phoiblí iomchuí amhail scaradh sóisialta, lámha a nigh agus sláinteachas riospráide i bhfeidhm nuair is féidir.

**Bloc 1, Plaza Míseach, 50 - 58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XW14**
Block 1, Miesian Plaza, 50 - 58 Lower Baggot Street, Dublin 2, D02 XW14
www.health.gov.ie | info@health.gov.ie

Tá na scoileanna i gcroílár ár bpobal agus is é an bealach is fearr iad a chosaint ná an leibhéal COVID-19 sa phobal a choinneáil íseal. Mar thuismitheoirí agus mar chaomhnóirí, féadfaidh sibh ról lárnach a bheith agaibh i ndáil leis an méid sin, le bhur ngníomhaíochtaí féin agus leis an tionchar atá agaibh ar bhur muintir agus ar bhur gcairde. Má leanaimid ar fad le hathruithe beaga a dhéanamh ar an mbealach ina mairimid, féadfaimid - le chéile - an deis scaipthe a bhaint ón víreas seo.

Tá sé ceart go leor do pháiste a sheoladh ar scoil mura bhfuil siad ach ag snaoisil nó ag sraothartach, ach má tá tú buartha go bhfuil siomptóim COVID-19 ar do pháiste - fiabhras, casacht, giorra anála nó mura bhfuiltear in ábalta boladh na blaiseadh de rudaí faoi mar a bhíodh i gcónaí - coinnigh sa bhaile iad agus déan teagmháil le do GP ar an bhfón. Tá go leor eolais eile ar fáil ag gov.ie/backtoschool agus hse.ie.

Beidh cásanna COVID-19 ann i measc páistí sna laethanta agus seachtainí atá amach romhainn, mar a bhí le linn na paindéime go dtí seo. Nuair a tharlóidh sin, freagróidh ár bhfoirne sláinte poiblí sa HSE agus oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an scoil lena mbaineann chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach beart chun daltaí eile agus foireann na scoile a chosaint.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as gach uile rud atá déanta agaibh chun bhur muintir agus ár bpobail a choinneáil slán le seacht mí anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin do gach múinteoir, gach príomhoide agus gach ball foirne scoile as an dianobair atá déanta acu lena chinntiú go mbeidh ár scoileanna réidh le hathoscailt – sampla eile is ea an méid sin den dlúthpháirtíocht dhochreidte atá fite fuaite leis an mbealach inar tháinig daoine fud fad na tíre le chéile chun a gcuid róil a chomhlíonadh agus muid ag teacht slán ón bpaindéim seo.

Dr Ronan Glynn

Príomh-Dhochtúir Oifigiúil Gníomhach

IMC 343604